



Polasaí Slándála agus Sábháilteacht
Health and Safety Policy

Scoil na bhForbacha
17668G

Polasaí Slándála & Sábháilteachta – Health & Safety Policy

Réamh ráiteas Cuireadh tús leis an bpolasaí seo i 2012 le cabhair an fhoireann, an Bhoird agus Tuismitheoirí na scoile. Rinneadh an uas-dátú is déanaí ar an bpolasaí i **mí Aibreán 2025**.

De réir an dlí Acht Sábháilteacht, Sláinte agus Cúram ag obair 1989, bíonn ar gach fhostóir, in éineacht lena chuid fostaithe, ráiteas Sláinte agus Sábháilteacht a ullmhú, a thaispeáineann go bhfuil Bord Bainistíochta scoile ag glacadh le cúram sábháilteachta agus sláinte na scoile (fostaithe agus daltaí), agus a leagann amach eagrúchán agus na hachmhainní atá ag teastáil chun caighdeán áirithe a choimeád agus a athbhreithniú. Dá mba rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus na leagan Béarla mar aistriúcháin.

Sainmheon na Scoile

An aidhm atá againn i Scoil na bhForbacha ná go mbeadh pobal na scoile ina iomlán sábháilte agus sláintiúil ag obair agus ag freastal ar an scoil.

Aidhmeanna

Tá sé i gceist leis an bpolasaí seo áit sábháilte a chothú don phobal scoile. Déanfar seo trí guaiseanna gur féidir iad a réiteach a aithint is a réitiú gan mhoill agus na guaiseanna nach féidir a réiteach a aithint, a mhairceáil agus nósanna imeachta a bhaineann leo a leagadh síos.

Déanfar seo trí thuiscint a thabhairt faoi dhualgas na scoile maidir lena ról i gcúram na ndaltaí. Tá sé i gceist an pobal scoile a chosaint ó chontúirt fholaigh agus droch shláinte ar scoil. Nóanna imeachta agus dea-chleachtais a leagadh síos chun córais shábháilte oibre a chothú.

Tá sé mar aidhm, chómh fada is is féidir, cloí le h-aon reachtú ábharthach sláinte agus sábháilteacht, go háirithe sna critéir a leanas;

- Áit oibre sábháilte a chur ar fáil
- Bealaigh isteach agus éalaithe sábháilte a bheith sa scoil
- Láimhseáil agus úsáid sábháilte de cheimicigh ghlantacháin
- Áiseanna shábháilte – iad a choimeád sábháilte agus cosaint oiriúnach á n-úsáid leo.
- Áiseanna phearsanta oiriúnacha cosanta curtha ar fáil.

Oifigigh Sláinte is Sábháilteachta

Is iad seo na hoifigigh sláinte is sábháilteachta i Scoil na bhForbacha. Cuirfear ainmneacha na n-oifigeach in iúl do phobal na scoile trí ráiteas slándála a chur ar thaispeánt taobh amuigh d'oifig na scoile.

- An Bord Bainistíochta féin
- Oifigeach Sláinte/Sábháilteachta ar an mBord Bainistíochta: Murt Ó Cualáin
- Ionadaí Sláinte/Sábháilteachta ón bhfoireann : Bríd Ní Fhionnaráin
- Príomhoide na scoile: Áine Ní Thuathail

An Polasaí

1. Nósanna imeachta i gcásanna éigeandála
2. Saincheisteanna Sláinte
3. Saincheisteanna Sábháilteachta agus Cúrama
4. Measúnú Baoil
5. Rólanna agus dualgaisí
6. Dáta á chur i gcrích
7. Critéir Ráthúlachta
8. Athbhreithniú
9. Daingniú

Nósanna imeachta i gcásanna éigeandála

A. Teagmháil a dhéanamh i gcás éigeandála

Lorgaítear sonraí teagmhála ó ghach tuismitheoir ag am chlárúcháin agus lorgaítear ainm duine eile freisin sa chás nach bhfuil tuismitheoir/caomhnóir ar bith ar fáil ag an am.

Deimhnítear go bhfuil na sonraí seo i gceart ag tús na scoilbhliana.

Coiméadtar na sonraí seo ar an database scoile Aladdin, atá ar fáil ar ríomhairí an rúnaí, na múinteoirí agus an phríomhoide.

Bíonn cóip sonraí teagmhála ag an bPríomhoide agus ag an leas-príomhoide sa chás nach bhfuil na ríomhaire ar fáil ag am práinne.

Usáidtear Aladdin chun teachtaireacht a sheoladh chuig na tuismitheoirí agus i gcás práinn, déanfar teagmháil le tuismitheoirí atá roghnaithe sna ranganna uilig ar Whatsap le fógra a scaipeadh

Druil Tine Réamhullmhúcháin

1. Tá na bealaí éalaithe soiléir le solas ós cionn gach doras.
2. Cloistear an aláram dóiteáin i ngach seomra.
3. Aithníonn gach páiste agus ball fóirne fuaim an aláraim.
4. Tá áit teacht le chéile faoi leith leagtha amach do ghach rang taobh amuigh den fhoirgneamh, Tá fógra i ngach seomra chun é seo a léiriú.
5. Déantar druil tine a chleachtadh uair gach téarma

6. Déantar seic bliaintiúl ar an dtreallamh múchta tine.
7. Tá dóirse tine san fhoirgneamh le bheith coimeádta dúnta an t-am ar fad.
8. Tá aláraim deataigh i ngach seomra agus timpeall na scoile chun deatach a aimsiú.
9. Beidh ar na múinteoirí cinntiú go mbíonn treallamh leictreach múchta gach lá.
10. Déantar monatóireacht ar an aláram tine ag comhlacht monatóireachta, agus déanann siad séirbhís ar an gcóras seo go bliaintiúl.

An Druil

1. Buaileann an aláram dóiteáin i ngach áit sa scoil.
2. Déantar líne sa rang.
3. Má tá páistí amuigh ón rang ar theachtaireacht, téann siad go dtí an seomra ranga is giorra dóibh agus téann siad amach leis an rang sin.
4. Tógann an múinteoir an billeog lannaithe le ainmneacha na bpáistí air.
5. Déantar seic tapaidh sa leithreas ranga.
6. Siúlann na páistí amach go ciúin, gan málaí/ cotaí a lorg, faoi stiúradh an mhúinteora.
7. Dúnann an múinteoir doras an seomra ranga
8. Siúlann gach éinne amach go dtí an Áit theacht le chéile. Seasann gach rang ina líne féin.
9. Dúnann an Rúnaí an doras tosaigh.
10. Glaotar an rolla ranga.
11. Cinntíonn an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach go bhfuil foireann na scoile uilig ann.
12. Cuireann an Oifigeach tine ceist an bhfuil gach duine i láthair.
13. Iarrtar ar gach éinne fanacht go ciúin.

Moltaí don druil tine

Eagróidh an Príomhoide agus an tIonadaí Sláinte/Sábháilteachta ón bhfoireann:

1. An Chéad Druil: Fógra a thabhairt don fhoireann agus na páistí roimhré
2. An Dara Druil: Fógra a thabhairt don fhoireann amháin ag tús na seachtaine
3. An Tríú Druil: Gan aon fhógra a thabhairt.

Go dtomhasfadh an oifigeach tine an méid ama a thóg an druil agus go ndéanfar seo a thaifead.

Go dtiocfadh duine chun na scoile chun taispeáint don fhoireann conas an trealamh múchta a úsáid.

Tar éis druil tine

1. Déantar taifead ar an méad ama a thóg sé
2. Pléitear an druil ag an gcéad cruinniú fóirne eile
3. Déantar tagairt don druil tine ag cruinniú Boird Bhainistíochta na scoile.

C. Timpistí Tromchúiseacha

Sa Chlós

Má bhíonn timpiste ag páiste sa chlós:

1. Déanann an múinteoir/CRS cinneadh faoin bpáiste a chur isteach chuig an seomra cead cabhair.
 2. Tugann an múinteoir / CRS an paiste chuig an seomra Céad Cabhair agus roinntear an teolas leis an duine atá ar dualgas.
 3. Úsáidtear olann cadáis, uisce, Savlon, bindealán, paca fuar más gá.
 4. Déanann an múinteoir / CRS cinneadh glaoch a chur ar thuismitheoir leis an bpáiste a thabhairt abhaile/ chuig an dochtúir/ospidéal nó glach a chur le haghaidh otharcharr.
- Má fuair an páiste buaileadh sa cheann, cuirtear glaoch abhaile.

Gníomh:

Céad Cabhair
Glaoch ar tuistí /Dochtúr / Otharcharr

I gcásanna tromchúiseacha scríobhtar pé rud a déanadh ar son an pháiste i Leabhar na dTimpistí agus cuirtear é seo chuig an bPríomhoide le síniú.

Sa Rang

Má bhíonn timpiste sa rang:

1. Déanann an múinteoir cinneadh faoin bpáiste a chur chuig an Príomhoide/Rúnaí nó lorgaíonn sé/sí cabhair uathu.
2. Scríobhann an múinteoir tuairisc faoin timpist ar leathanach eachtra.
3. Tugann an múinteoir / CRS garchabhair don pháiste.
4. Úsáidtear olann cadáis, uisce, bindealán, paca fuar más gá. (féach Aguisín a 8)
5. Déanann an múinteoir cinneadh glaoch a chur ar thuismitheoir leis an bpáiste a thabhairt abhaile/ chuig an dochtúir/ospidéal nó glach a chur le haghaidh otharcharr.

6. I gcásanna tromchúiseacha scríobhtar pé rud a deineadh ar son an pháiste i Leabhar na dTimpistí chomh maith.

Turais/Cluichí/Traenáil (imeachtaí lasmuigh de suíomh na scoile)

1. Tógtar bosca garchabhrach ar thuras scoile, chuig cluichí agus traenáil. Tógtar Epi pen & Defib má tá páistí le riachtanaisí ar leith acu.
2. Tógtar fón póca.
3. Déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí trín scoil.

Timpiste ag Foireann na Scoile

1. Is gá an Príomhoide/oifigeoir sláinte a chur ar an eolas
2. Tugann an Príomhoide/Rúnaí garchabhair don mhúinteoir.
3. Déanann an Príomhoide cinneadh gloch a chur ar ghaol chun an mhúinteoir a thabhairt abhaile/ chuig an dochtúir/ospidéal nó gloch a chur le haghaidh otharcharr.
4. I gcásanna mar seo scríobhtar pé rud a déanadh ar son an mhúinteora sa leabhar eachtra chomh maith.

Taifead & Tuairisciú:

1. Clárítear gach eachtra sa leabhra timpistí.
2. Coimeádtar ansin é ach amháin nuair a bhíonn eachtra le líonadh ann.
3. Déanfar tuairisc chomh luath agus is féidir – láithreach, ar an bhfón, má mharaítear duine agus taobh istigh de choicís i gcomhair gach cinéal timpiste eile.

D. Polasaí Teagmhais Chriticiúile

Leanfar Polasaí Theagmhaile Chriticiúil nuair a tharlaíonn teagmhas criticiúil. Beidh na rólanna agus na céimeanna leagtha síos sa pholasaí seo.

E. Dúnadh eisceachtúil na scoile

1. Déanfaidh an Príomhoide i gcomhairle leis an gcathaoirleach an cinneadh an scoil a dhúnadh. Cuirfear téacs chuig gach clann ar Aladdin/Whatsap más le linn am scoile, cuirfear in iúl cén fáth agus na treoracha maidir le páistí a bhailiú.
2. Más taobh amuigh d'uaireanta scoile (ar nós sneachta) cuirfear téacs abhaile chomh luath agus is féidir agus seans go gcuirfear an teolas ar raidió áitiúil.

Saincheisteanna Sláinte

A. Clárúcháin

1. Iarrtar ar thuismitheoirí eolas faoi chúrsaí sláinte a chur in iúl don scoil ar an fhoirm chlárúcháin. 2. Meabhraítear dóibh gur gá aon athrú ar chúrsaí shláinte an pháiste a chur in iúl don scoil chomh luath is a thagann sé chun cinn.

B. Páistí le fadhbanna sláinte faoi leith

1. Déanfar an iarratas seo a phlé ag leibhéal an Bhoird chun fiosrú an féidir leis an scoil freastal ar riachtannais an pháiste seo.
2. Más rud é go gcláraítear páiste le fadhbanna faoi leith, lorgófar tuairiscí dochtúra ó na thuismitheoirí ionas gur féidir leis an scoil iarratas a chur chuig an SENO le haghaidh CRS.
3. Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi na fadhbanna. Tabharfar traenáil cuí don mhúinteoir ranga agus don fhoireann.
4. Crochfar pictiúr agus eolas faoin pháiste sa seomra céad cabhair ionas go mbeidh gach duine ar an eolas faoi riachtannais sláinte an pháiste. medical needs.

C. Riaracháin cógais

Ní féidir le ball fóirne ar bith leigheas a thabhairt gan údarás sainiúil an Bhoird Bhainistíochta. Féach: Polasaí Riaracháin Cógais na Scoile.

D. Páistí Tinn

1. Déanann an múinteoir cinneadh má tá an páiste tinn go leor le cur abhaile.
2. Lorgóidh an múinteoir tuairim an phríomhoide muna bhfuil siad cinnte.
3. Cuireann an rúnaí/múinteoir glaoch ar na thuismitheoirí.
4. Tagann na thuismitheoirí/ feighlí chun an páiste a bhailiú.

E. Míolta Gruaige

Iarraimid ar thuismitheoirí insint dúinn go rúnda, trí Aladdin Schools, má tá míolta gruaige ag a bpáiste. Cuirimid thuismitheoirí ar an eolas ansin go bhfuil ráig i rang ar leith. Ní ainmnítear nó ní shainiúitear páiste ar bith riamh. Iarraimid ar thuismitheoirí ceann a sheiceáil agus cóireáil más gá. Iarraimid freisin ar na páistí go léir a bhfuil gruaig fhada acu í a cheangal siar ar scoil.

1. Ar an gcéad ócáid cuirtear téacs abhaile ag míniú go bhfuil cás míolta gruaige i rang do pháiste agus gur cheart gruaig do pháiste a seiceáil agus céimeanna cuí a leanúint le deacrachtaí a shárú.
2. Má tharlaíonn sé arís, cuirtear litir meabhrúcháin abhaile.
3. Coiméadtar taifead de na ranganna a fhaigheann an litir agus na meabhrúcháin.

E. Galar ionfhabhtaíoch

1. Is é polasaí Bord Bainistíochta na scoile go gcuirtear eolas faoi ghalarr ionfhabhtaíoch chuig an FSS agus go leantar na moltaí chun foireann na scoile agus na páistí a chosaint ó ghalarr.
2. Déanfaidh Bord Bainistíochta na scoile gach iarracht an bhaol a laghdú trí ghlantachas, sláinteachas agus díghalarrú, láimhíní aon-úsáid a bheith ar fail sa bhosca garchabhair, &rl.
3. Beidh leithreas ar fáil le huisce te, galúnach, túáille, bosca bruscair agus córas diúscartha pillíní sláintíocha.

F. Sláinteachas

Cinntíonn an múinteoir agus an glantóir go bhfuil na háiseanna sláintíochta sábháilte, oiriúnach, dóthanach agus glanta go rialta. Cinntíonn Oifigeach Sláinte & Sábháilteacht na scoile go bhfuil na rudaí seo a leanas i ngach seomra:

- gallúnach
- túáillí
- uisce te
- páipéar leithris
- bosca bruscair in gach seomra ranga
- córas diúscartha sláintíocha i leithris na múinteoirí agus i leithris Rang a 4 go 6

Is féidir le páistí na leithris a úsáid ag am ar bith le cead múinteora. Ag am sosa tá cead ag teastáil uathu ón múinteoir maoirseachta.

G. Garchabhar

Coimeádtar mála le pacáí leac oighir ar leic na fuinneoige (atá roghnaithe) ar an gclós ó dheas agus ó thuaidh le linn am lón amháin agus sa seomra garchabhair.

Tá bosca ábhar garchabhair i gcófra speisialta taobh amuigh den Seomra Foirne chomh maith le reoiteoir sa seomra foirne le pacáí leac oighir.

Moltar lámhainní sodhíolta a úsáid i gcónaí.

Cinntíonn an Ionadaí Sláinte & Sábháilteachta go bhfuil dóthan áiseanna iontu go rialta bunaithe ar liosta an FSS (Aguisín 4) (Appendix 4)

H. Lón slántúil

Iarrtar ar thuismitheoirí cloí le polasaí lón slántúil na scoile a cuireadh le chéile le cúnamh Choiste na dTuismitheoirí.

Iarraimid orthu gan lón milis a thabhairt do na páistí.

Ní ceadaítear cnónna nó síolta sa scoil de bharr ailéirge tromchúiseach a bheith ag páiste sa scoil.

I. Caitheamh Tobac

Níl cead ag foireann na scoile, cuairteoirí nó tuismitheoirí toitín a chaitheamh ar láthair na scoile nó sa scoil.

J. Gloine Briste

Iarrtar ar mhúinteoir cur in iúl don phríomhoide má fheiceann siad gloine briste ar an suíomh ionas gur féidir é a bhaint.

Páistí

Nósanna Imeachta Seomra Ranga

Tá gach múinteoir freagrach as nósanna imeachta agus cleachtais shábhailte a bhunú ina seomra ranga. Tá freagracht chomhchoiteann orthu freisin chun cleachtais agus nósanna imeachta sábhailte a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar fud na scoile.*

Tá gach múinteoir freagrach as a chinntiú go bhfuil a seomra ranga aeráilte go leordhóthanach trí fhuinneoga a oscailt mar is gá agus/nó trí dhoras a fhágáil ar oscailt. Cuirtear stopairí dorais ar fáil d'úsáid doras seomra ranga amháin. I roinnt limistéar den fhoirgneamh is féidir aertheagmhas a chruthú le doras oscailte agus fuinneog oscailte ar an taobh eile den dorchla. Tá nósanna imeachta ann atá coitianta do na seomraí ranga go léir.*

- Ní théann páistí isteach ar maidin go dtí go mbíonn múinteoir i láthair.*
 - Beidh gach gluaiseacht laistigh den seomra ranga ar bhealach ordúil m.sh. tábla/sraith/grúpa amháin ag an am.*
 - Bíonn málaí scoile ar chúl na gcathaoir nó i limistéar ainmnithe agus cuirtear na páistí i gcuimhne gan iad a fhágáil áit a mbeidh siad ina nguais do dhaoine eile atá ag gabháil thart.*
 - Níl cotaí agus earraí eile éadaigh le crochadh ar chúl na gcathaoir.*
 - Ní mór do pháistí suí ar chathaoir ar bhealach sábhailte. Cuirtear i gcuimhne iad faoi "gach cos ar an urlár" Iompraítear cathaoir i gcónaí le dhá lámh ar an suíochán agus na cosa dírithe síos.*
 - Déantar cathaoir a chruachadh go sábhailte.*
 - Ní cheadaítear do pháistí a seomra ranga a fhágáil gan chead múinteora.*
 - Seoltar páistí i gcónaí ar theachtaireacht chuig an oifig nó chuig rang eile ina bpéirí.*
 - Leantar nósanna imeachta sábháilteachta maidir le húsáid trealaimh in ábhair ar nós Ealaíon/Ceardaíocht, Eolaíocht agus Corpoideachas.*
- Má thagann cás dosheachanta chun cinn ina gcaithfidh múinteoir a s(h)eomra ranga a fhágáil, socraíonn siad maoirseacht a gcuid daltaí le múinteoir comharsanach.*

1. Maoirseacht ar Dhaltaí

A. Liosta iomlán Rialacha Ranga i ngach rang

B. Múinteoir as láthair (gan ionadaí ar fáil)

Déanfaidh an Príomhoide fógra roimh ré sa chaoi go mbeidh múinteoirí réidh le glacadh le breis páistí.

Caithfidh an múinteoir obair a réitiú don lá go mbeidh sé/sí as láthair.

Socraíonn an múinteoir ranga áit cuí do na páistí nua atá ag teacht isteach don lá.

Glacann an múinteoir ranga nua leis na daltaí mar chuid dá rang féin, agus bíonn siad freagrach astu don lá.

Ba chóir do gach múinteoir obair bhreise do dhá lá a fhágáil sa rang ar eagla go mbeadh said as láthair.

C Ag taisteal ón gclós/chuig an clós

Bailíonn múinteoirí ranga na paistí ón gclós ag am lóin.

Siúlann múinteoirí ranga leis na páistí go dtí an clós ag am lóin agus go dtí an doras cuí ag am dul abhaile.

Múintear/meabhraítear do na páistí, ag tús na scoilbliana, conas mar ba chóir dóibh iompar agus iad ag dul suas nó síos an staighre.

D. Droch aimsir

Caithfidh na múinteoirí obair/cluichí srl. a réitiú do na páistí ar laethanta fliucha.

Déanfaidh an múinteoir/ na múinteoirí ar an róta clóis maoirseacht ar na ranganna ag siúl ó sheomra go seomra.

Déanfar athbhreithniú ar seo de réir mar a fhasann an scoil.

Ar laethanta stoirmiúla, téann na hardranganna (3-6) go dtí an halla agus téann siad abhaile as sin. Téann Ranganna 1 agus 2 amach doras B ag bun an staighre

Ar laethanta seaca, tagann na ranganna naíonáin isteach doras na naíonáin agus na ranganna eile isteach an doras ós comhair staighre ranganna 3 & 4.

2. Maoirseacht roimh/i ndiaidh am scoile

Tosaíonn an scoil ag 8.50 gach lá ach déantar deich nóiméad maoirseacht roimh scoil ag a 8:40 ins an scoil .

Scaoilfear na páistí isteach nuair a bhuaileann an clog.

Tá gach tuismitheoir/caomhnóir freagrach as a bpáiste(i) féin roimh 8.40.

Ní cheadaítear do na páistí spraoi sa chlós roimh nó tar éis am scoile.

Críochnaíonn Naíonáin ag 1.30. Críochnaíonn ranganna 1-6 ag 2.30i.n. Ní féidir leis an scoil freagracht a ghlacadh as daltaí i ndiaidh na hamantaí seo (ach amháin i gcás turasanna scoil nó gníomhaíochtaí scoile faoi stiúir múinteora na scoile seo).

3. Cúairteoirí a thagann chun na scoile

Glasáiltear an doras tosaigh istigh ag 9 ar maidin gach maidin agus cuirtear cloigín i bhfeidhm. Tar éis an ama seo ní féidir teacht isteach ach nuair a chuirtear isteach tú ó oifig na Rúnaí. Tá ceamaraí teilifíse ciorcadach (CTV) ag feidhmiú. Tá an monatóir suite in oifig an phríomhoide. Cuireann gach cúairteoir in iúl do Rúnaí na Scoile nó don Phríomhoide go bhfuil siad ann. A mhéid is féidir tá gach bealach isteach agus amach laistigh den fhoirgneamh daingnithe.

Seachas tuismitheoirí a bhíonn ag fágáil agus ag bailiú páistí, ní mór do gach cúairteoir ar an scoil a n-ainm a shíniú isteach agus amach i leabhar cúairteoirí na scoile.

Beidh múinteoirí sásta bualadh le cúairteoirí ag am cuí agus le coinne acu.

Is féidir le múinteoir diúltiú bualadh le cúairteoir muna bhfuil coinne acu.

Ba cheart do chuíairteoirí a bheith cúramach agus iad ag dul tríd suíomh na scoile. Ba cheart treoireacha agus fógraí a leanacht.

Ba cheart do chuíairteoirí gach timpiste, is cuma cé chomh beag, a roinnt le baill foirne. Déanfaidh siadsan an t-eolas a roinnt leis an DIA ar an suíomh. Tabharfar Cead Cabhair cuí dóibh siúd ina bhfuil sé uathu agus ba cheart an fhoirm timpiste a líonadh chomh luath agus is féidir. (féach Aguisín a 3 & 8)

4. Sábháilteacht ar shuíomh na scoile

Múintear an Cód Sábhála agus sábháilteacht bóthair mar chuid den churaclam OSPS. Múintear/meabhraítear ag tús na bliana conas an trasrian coisithe/síogach a úsáid i gceart. Meabhraítear do pháistí conas siúl timpeall suíomh an scoile i mbeirteanna.

5. Páistí ag imeacht luath ón scoil

Is gá do tuismitheoirí bualadh isteach in oifig na scoile chun an páiste a shíniú amach. Ansin baileoidh an rúnaí an páiste ón rang. Ní scaoilfear an páiste amach le duine nach bhfuil aithne againn orthu, gan seo curtha in iúl ag na tuismitheoirí roimhré

6. Cód Iompar & Frith-Bhulaíochta

Cuireadh Cód Iompar le chéile ag pobal na scoile chun treoracha a thabhairt maidir leis an iompar atá oiriúnach agus an iompar atá mí-oiriúnach agus conas déigheáil leo. Iarrtar ar fhoireann na scoile saidéar a dhéanamh ar an bpolasaí agus cloí leis. Ní cheadaítear bulaíocht riamh agus ní ghlactar leis sa scoil seo ar chor ar bith. I gcásanna bulaíochta, déan tagairt don Pholasaí Frith-Bhulaíochta

7. Caomhnú Páistí

Leantar Stráitéis Chaomhnú Páistí na scoile, a réitíonn Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna & Iar-Bhunscoileanna 2017, i gcás amhras/líomhain faoi mhí-úsáid pháistí.

Orduithe Caomhnóireachta

Má tá ordú caomhnóireachta ann maidir le páiste, tá sé tábhachtach go gcuirtear an scoil ar an eolas. Is féidir leis an scoil sliocht a lorg ó chomhaontú scartha / ordú cúirte má tá a leithéid ann. Mura bhfuil ordú den sórt sin ann agus má tá sé seo ag cruthú deacrachta, iarrfaidh muid go lorgófar ceann agus go gcuirfear ar fáil don scoil é. In éagmais comhaontú nó ordú den sórt sin caitear leis an dá thuismitheoir mar chomhpháirtithe comhionanna maidir le cearta agus freagrachtaí tuismitheoireachta. Ní féidir leis an scoil páiste a choinneáil ó cheachtar tuismitheoir in éagmais socrú caomhnóireachta

8. Turais Scoile

Leantar polasaí turais scoile nuair a eagraíonn múinteoirí turas scoile nó imeacht ó láthair na scoile.

B. Foireann na Scoile

1. Grinnscrúdúcháin na nGardaí

Mar chuid de chóras fostaíocht na Roinne, ní chuirfear aon duine i gceannas ar pháistí na scoile gan seiceáil gardaí a bheith déanta orthu. I gcás múinteoirí, déanfar seo ag an gComhairle Mhúinteoireachta. I gcás fostaithe eile, déanfar seiceáil gardaí orthu tríd an bhForas Pátrúnachta. Leantar na treoracha maidir le seiceáil na nGardaí leagtha síos i gCiorclán 31/2016 ón Roinn Oideachais.

2. Caidreamh dearfach Foirne

Má bhíonn deacrachtaí foirne, déanfar gach iarracht na deacrachtaí a réitiú chomh luath agus is féidir ag leanúint na struchtúir scoile atá leagtha síos;

1. Caidreamh:

Caint le chéile

An fhadhb a ainmniú

Réiteach a aimsiú
Céimeanna a chinntiú
Aidhmeanna réalaíoch a fhorbairt
Cúntas a choimead

2. Idirghabháil ón bPríomhoide

3. Imscrúdú ó Bhord Bainistíochta na Scoile

Níos mó eolais ar fáil i lámhleabhar Bord Bainistíochta CPSMA & lámhleabhar CMÉ “Working Together”.

3. Bulaíocht/ Ciapadh

Leantar na céimeanna céanna is atá thuas. Beidh sé seo luaite i bpolasaí bulaíochta ar dhaoine fásta na scoile chomh maith.

4. Strus

Tártaíonn strus ar scoil nuair a sháraíonn éileamh ar dhuine ná nar is féidir leo déighleáil leo.

Tá na rudaí seo a leanas ar fáil:

(A) Tá Clár Tacaíochta Fostaithe ar fáil do mhúinteoirí agus don phríomhoide trí CMÉ.

(B) Déantar athbhreithniú ar an méid oibre atá ann d’fhoireann bhainistíochta na scoile ionas go bhfuil cothromaíocht i gceist ag braith ar an leibhéal ar a bhfuil siad.

(C) Cinntíonn BB na scoile go bhfuil cothromaíocht i gceist le dáileadh oibre.

7. Ionsaí ar fhoireann na scoile

Nuair a airíonn fostaí mí-chompordach nó i mbaol ó aon duine timpeall na scoile nó ag eachtra scoile, ba cheart é seo a chur in iúl don Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach rud gur féidir leis chun fostaithe a chosaint. Ba cheart na treoracha seo leanas a ghlacadh má tharlaíonn ionsaí ar aon duine:

- Ba cheart an eachtra a thuairisciú don Phríomhoide/múinteoir eile ar an bpointe. Leantar polasaí gearáine na scoile agus polasaí teagmais chriticiúla.
- Ba cheart mion tuairiscí an eachtra a choinneáil i bhFilteán Tuairiscí. Má scanraítear nó má bhagraítear go fisiciúil ar aon duine, ba cheart é seo a thuairisciú freisin.
- Má theastaíonn sé, ba cheart glaoch ar na Seirbhísí Slándála.
- Ba cheart tuairisc a thabhairt do na Gardaí, más gá. De ghnáth sé an íobartach a dhéanann é sin.
- Ba cheart Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta a chur ar an eolas faoin eachtra agus déanfaidh siadsan cinneadh maidir le cruinniú Bord a thionól. Cuirfidh an Bord na dlíodóirí ar an eolas agus an Comhlacht Árachais más gá. Déanfaidh an Bord Bainistíochta na tuairiscí éagsúla a phlé agus déanfar cumsáid le na páirtithe cuí le cinntí a roinnt nó smachtbhannaí a chur orthu.

Sa gcás gurb é dalta na scoile a rinne an t-ionsaí, caithfear é a láimhseáil de réir Cód Iompar na scoile agus de réir Riail 130(5) de Rules for National Schools.

Ba cheart daltaí a bhíonn ionsaitheach go minic a chur faoi scrúdú siceolaíochta, le cead ó thuismitheoirí, chun a fháil amach na deacrachtraí soisialta nó maoithneach atá aige/aici agus an bealach is fearr le deileáil leo.

Nuair a tharlaíonn eachtra le tuismitheoir/caomhnóir caithfear a chur in iúl dó/di, i scríbhinn, gan teagabháil a dhéanamh leis an múinteoir/scoil go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta fiosriuchán agus cinneadh maidir leis an eachtra céanna.

Ina dhiaidh sin, rachaidh an Bord i dteagabhail leis an dtuismitheoir/caomhnóir á rá:

- Nach féidir leis an mBord Bainistíochta glacadh leis an iompar seo
- An toradh a bheidh air.
- Coinníollacha a chomhlíonadh sula a nglacfar ar ais sa scoil é/í.

Beidh cursaí breise traenála de réir mar a theastaíonn siad ó am go ham. Is féidir na cursaí seo bheith sa scoil nó in áit feiliúnach taobh amuigh. Glactar go mbeidh an fhoireann ar fad páirteach sa traenáil a chuirfear ar fáil. Tuigtear go maith go bhfuil sé tabhachtach bheith faireach i gcónaí chun timpeallacht na scoile a coinneáil slán agus go gcuidíonn traenáil na fóirne é seo a chur i gcrích

Meabhraítear d'fhoireann agus páistí scoile:

Má tharlaíonn sé go bhfuil aon duine den fhoireann faoin dochtúir nó a thógann cógas leighis ach atá in ann dul ag obair, ba cheart an scoil a chur ar an eolas faoi aon deacracht a chuirfeadh isteach ar a c(h)uid oibre nó a chuirfeadh é/í nó aon duine eile i gcontúirt.

Tabharfaidh an scoil obair oiriúnach le déanamh idir an dá linn.

Níl cead ag an bhfoireann ná ag dalta bheith sa bhfoirgneamh ná bheith i mbun a c(h)uid dualgaisí le teann alcóil nó drugaí. Cuirfear an dlí ar aon duine a bhriseann an riail seo.

C. Fearas agus Ábhair Oibre

1. Innealra, Trealamh Cistine agus Fearas Leictreach

Beidh innealra, trealamh cistine agus fearas leictreach in úsáid ag daoine atá oilte agus údaraithe agus acu sin amháin. Déantar seiceáil go rialta ar an trealamh agus an fearas agus cothabháil a dhéanamh orthu.

2. Oibriú Ardaitheora

Ní úsáidfear an t-ardaitheoir ach ag daoine údaraithe amháin. Beidh carr an ardaitheora agus na mótaí faoi réir seiceálacha rialta cothabhála. Déan tagairt le do thoil do lámhleabhar oibríochtaí an fhoirgnimh le haghaidh sonraí breise ar an ardaitheoir.

3.. Ceimeacáin

Tá ceimiceáin, dúch don mhaisín fótaicóipeála agus ábhar glantúcháin stóráilte i soithigh le lipéad eolais soiléir orthu. Beidh siad i dtaisce nuair nach bhfuil siad in úsáid.

3. Téamh & Aeráil

Déantar seirbhísiú go bliaintiúil ar an gcóras teasa, agus cothabháil cuí air más gá. Tá dalóga ar gach fhuinneog ionas nach bhfuil páistí nó múinteoirí ag obair faoi sholas díreach gréine. Is féidir fuinneoga a oscailt go héasca, le haghaidh aeráil chuí. Osclaíonn siad ar mhéad atá sábháilte do pháistí. Níor chóir go mbeadh páistí ag oscailt nó ag dúnadh fuinneoga.

4. Soilsiú

Scrúdaigh ó amharc:

- go bhfuil feistithe solais ag obair agus go gcoimeádtar glan iad.
- nach bhfuil lascanna solais briste agus go bhfuil dealramh sábháilte orthu
- light switches are not broken and appear to be in a safe condition;

5. Plugáí, Soicéid agus Sreanganna Plug,

Déanann na múinteoirí scrúdaigh ó amharc:

- go bhfuil plugaí i ndea-ríocht gan scoilteanna nó píosaí in easnamh;
- go bhfuil soicéid i ndea-ríocht gan scoilteanna nó píosaí in easnamh;
- go bhfuil soicéid, scríúanna agus gléasanna daingean;
- go bhfuil soicéid lonnaithe go sábháilte, áit ar féidir an trealamh a úsáid gan baol taise;
- go bhfuil na soilse táscaire ar na soicéid ag oibriú i gceart;
- nach bhfuil an insliú ar shreanganna scoiltithe nó caite;
- nach bhfuil snaidhmeanna nó ceangail sna sreanganna agus nach mór gan casadh (“kinks”) iontu;
- go bhfuil sreanganna den fhaid ceart don trealamh i gceist;
- nach bhfuil sreanganna caite amach;
- nach bhfuil cuibheoirí ilphointí in úsáid;
- go bhfuil sreanganna agus cáblaí ceangailte go daingean ag an dá thaobh de threalamh agus pluga.

6. Trealamh agus Troscáin

Seiceáil:

- nach bhfuil trealamh socraithe agus soghluaiste lochtach agus go bhfuil an trealamh, chomh fada agus is eol duit, ag obair i gceart.;
- gur féidir teacht gan dua ar chóipeanna de threoracha na ndéantóirí/lámhleabhair úsáideoirí;
- nach n-úsáidtear trealamh ach don chuspóir beartaithe;
- go múchtar trealamh leictreach agus go ndíphlugáiltear é fad is nach bhfuil sé in úsáid;

Measúnú Guaiseanna

Déantar Athbhreithniú ar Mheasúnú Guaiseanna ag tús na scoilbliana gach bliain ag Príomhoide na Scoile, Ionadaí Sábháilteacht an Bhoird agus Ionadaí Sábháilteacht Foirne. Cuirtear seo in Aguisín 1 ag tús gach scoilbhliain.

Beidh an Bord freagrach as:

- Áit oibre atá slán a chur ar fáil.
- Cúrsaí oibre a riarú a dheineann deimhin de go bhfuil fostaithe slán, sláintiúil agus socair.
- Féachaint chuige go bhfuil cúrsaí slándála curtha i bhfeidhm chomh fada is is féidir.
- Ráiteas/Polasaí slándála a ullmhú agus a coinneáil suas chun dáta go mórmhór nuair a bhíonn athraithe móra agus leagan amach an riosca as dáta.
- Leasa Shóisialaigh chearta a choinneáil don bhfoireann.
- Treoracha a ullmhú agus a coinneáil suas chun dáta d’ócáid práinne agus iad a chur in iúl don bhfoireann.
- Duine ábalta a chur i mbun dualgaisí an Bhoird maidir le Sláinte agus Slándáil.
- Traenáil agus eolas a chur ar fáil atá oiriúnach, traenáil ag tús oibre ina measc.
- I gcás drochthimpistí, iad a chur in iúl don Údarás Sláinte agus Slándála.
- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann gach bliain agus iad a chur ar an eolas maidir le cúrsaí slándála agus sabháilteachta

Foireann na scoile

Beidh foireann na scoile freagrach as:

- Gan bheith faoi meisce alcóil ná drugaí sa gcaoi go gcuirfear aon duine i mbaol. Dul faoi scrúdú de réir mar a fheileann sé.
- Comhoibriú leis an bPríomhoide agus le daoine eile sa gcaoi go gcuirfear le dlí Sláinte agus Slándáil.
- Lompar mar is cóir sa chaoi nach gcuirfear tú féin ná aon duine eile i mbaol.
- Freastal ar thraenáil Sláinte agus Slándála agus úsáid cheart a bhaint as fearas na scoile.
- Úsáid a bhaint as éadach agus fearas cosanta atá ar fáil.
- Nós nó gníomh contúirteach a chur in iúl don duine cuí.
- Gan cur isteach ar, ná drochúsáid a bhaint as, fearas slándála na scoile.
- Inseacht don bPríomhoide má tá galar nó breoiteacht ort a chuirfeadh le contúirt.

Ionadaí Sábháilteachta na Foirne

Beidh an duine seo freagrach as:

- Dul i dteangabháil leis an bPríomhoide thar an fhoireann maidir le cúrsaí sláinte agus slándála.
- An t-ionad oibre a chur faoi scrúdú ar sceideal socraithe chun a chinntiú go bhfuil gach doras agus fuinneog dúnta go slán nó díreach tar éis timpiste, ócáid nó contúirt a chuireann slándáil nó sabháilteacht aon duine i mbaol.
- Traenáil ceart a fháil.
- Timpistí agus ócáidí baolacha a chur faoi scrúdú.
- Gearáin ón bhfoireann a chur faoi scrúdú.
- Dul le cigire i mbun mionscrúdú ar an scoil.
- Dul i dteangabháil leis an bPríomhoide maidir le cúrsaí slándála agus sábháilteacha.
- Dul i dteangabhail le agus eolas a fháil ó chigire.
- Dul i dteangabháil le agus i gcomhoibriú le hionadaí sábháilteacha eile.

Príomhoide na Scoile

Tá an Príomhoide freagrach as:

- Caighdeán éifeachtach slándála agus sábháilte a chur i bhfeidhm sa scoil bunaithe ar chuspóirí réamh-aontaithe agus is gá go dtógtar na caighdeáin shlándála agus shábháilteachta san áireamh ag leibhéal pleanála, riaracháin agus comhthabhála agus in eagrú oibre go ginearálta.
- Airgead agus áiseanna a lorg ón mBord Bainistíochta chun cinntiú gur féidir an polasaí seo a chur i bhfeidhm.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an pholasaí seo.
- Comhairle agus cúnamh a lorg nuair is gá agus nuair a thagann aon deacracht chun solais.
- Cinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach ann ionas go bhfuil eolas ag foireann na scoile maidir le caighdeán slándála agus sábháilteachta, maidir le timpistí agus aon ní a bhaineann le cúrsaí slándála agus sábháilteachta.
- Déanamh cinnte go bhfaigheann an fhoireann an tacaíocht a theastaíonn chun socraithe cearta a dhéanamh i gcúrsaí slándála agus sábháilteacha.
- Pleanáil agus tabhairt faoi gach gníomh de réir mar atá luaite sna treoracha sa Ráiteas Slándála.

- Cur faoi scrúdú gach timpist agus eachtra contúirteach in éineacht le Comhairleoirí Slándála más gá.
- Déan cinnte go bhfuil traenáil garchabhrach ar fáil agus go bhfuil dóthain daoine oilte chun na dualgaisí a chomhlíonadh mar is cóir.
- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le ráiteas slándála, contúirtí a aimsiú agus a mheas, faoi cuid 19 agus 20 den Safety, Health and Welfare at Work Act 2005. Oifigeach slándála a ainmniú.
- Féachaint chuige go bhfuil eolas ag gach duine faoina d(h)ualgaisí féin agus go ndéanann siad iad a chomhlíonadh mar is cóir de réir Polasaí Slándála agus Sábháilteachta na scoile.
- Féachaint chuige go dtuigeann gach conraitheoir a oibríonn sa scoil cúrsaí slándála agus go gcomhlíonfar rialacha agus códanna slándála ina gcuid oibre.
- Féachaint chuige, chomh fada is is féidir, go mbeidh fearas agus ábhartha na scoile ar an gcaighdeán luaite sa Ráiteas Slándála.
- Féachaint go bhfuil an Polasaí Slándála agus Sábháilteachta le fáil ag an bhfoireann agus ag daoine oiriúnacha eile

Tá foireann iomlán na scoile faoi stiúir an Bhord Bainistíochta freagrach as ucht an polasaí a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh an Príomhoide agus an ionadaí fóirne slándála/sábháilteachta go bhfuil gach ball den fhoireann ar an eolas faoin bpolasaí. Is faoi mhúinteoirí nó aon duine eile atá ar fhoireann na scoile an polasaí a léamh agus aon cheisteanna atá acu faoi a árdú.

Critéir Ráthúlachta

Déanfar aiseolas á fháil go rialto ón bhfoireann, tuistí, daltaí srl. le feiceáil an bhfuil an polasaí ag obair go héifeachtach.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo de réir taithí agus riachtanais an Acht um Slándáil agus Sláinte agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Sínithe ar son an Bhoird Bhainistíochta:

Cathaoirleach: Murt ó Cualáin Dáta: 27 Márta 2025

Príomhoide: Áine Ní Thuathail Dáta: 27 Márta 2025

Oifigeach Sábháilteachta & Sláinte BB: Bríd Ní Fhionnaráin

Introduction

Work began on this policy in 2012 by the school staff, Board of Management and by the Parents' Association. The policy was most recently updated and ready for implementation for April 2025. This Policy should be read in conjunction with our school Covid-19 school re-opening plan.

Under the 1989 Safety, Health and Welfare Act, it is a legal requirement for every employer, together with employees, to prepare a Health and Safety Statement. It represents the Board of Management's commitment to safety and health, and specifies the manner, organisation and resources necessary for maintaining and reviewing standards.

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

Link to School Ethos

Aims

In Scoil na bhForbacha, we aim to provide a safe and healthy environment for all who work in or attend the school.

We aim to create a safe workplace for the school community. This will be achieved by identifying and tackling risks that can be prevented and by reducing and outlining procedures for risks that cannot be prevented.

To ensure understanding of the school's duty of care towards the pupils.

To protect school community potential accidents and ill health in school/work.

To outline procedures and practices in place to ensure safe systems of work.

It aims, in so far as is reasonably practicable, to comply with all relevant health and safety legislation, to include the following areas:

Provision of a safe workplace

Safe access routes

Safe handling and use of cleaning chemicals

Safe equipment including maintenance and use of appropriate guards

Provision of appropriate personal protective equipment

Below are the health and Safety Officers in Scoil na bhForbacha. Their names will be displayed in the health and safety statement that will be displayed outside the school office.

- The Board of Management itself*
- The Board of Management Safety/Health Officer: Murt ó Cualáin*
- A staff Health/Safety representative: Bríd Ní Fhionnaráin*

- *The school Principal: Áine Ní Thuathail*

Policy

1. *Emergency Procedures*
2. *Health Issues*
3. *Safety and Welfare Issues*
4. *Risk Assessment*
5. *Roles and Responsibilities*
6. *Implementation Date*
7. *Success Criteria*
8. *Review*
9. *Ratification*

The school requests contact details from each parent at the time of enrolment and we also request an emergency contact should the parents not be available.

The contact details are updated at the beginning of each school year.

These details are maintained on the school database which is available on the secretary's computer and on the Principal's computer.

The Principal and deputy Principal hold a hard copy of these details.

Aladdin is used to communicate messages to parents. In the case of an emergency, the Principal will contact nominated parents who will deliver an announcement to classes via Whatsap.

Preparation/Prevention

1. *The fire exits are clearly marked/lit above each door.*
2. *The fire alarm can be heard in each room.*
3. *Each pupil and employee recognise the alarm sound*
4. *Each class has a fixed meeting place outside and away from the building. The exit route and assembly point is indicated in each room.*
5. *Fire drill is practised by the whole school once per term.*
7. *The fire extinguishers are serviced annually.*
8. *All fire doors in the school are to be kept closed at all times.*

9. *The kitchen and the halls have a fire extinguisher.*
10. *Smoke alarms are installed in each room and around the school to detect smoke.*
11. *Teachers are responsible for turning off all electrical equipment every day.*
12. *The fire alarm is monitored by a registered company who also maintain the fire detection system.*

The Drill

